**Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh**

(2022/C 151/08)

De bhun Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle [1](1), leasaítear leis seo na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh [2] mar a leanas:

*Ar leathanach 111, sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis an bhfo-cheannteideal* "**2403 99 10 Tobac coganta agus snaois**" *cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an téacs atá ann:*

"**2403 99 10** **Tobac coganta agus snaois (tobac sróine)**

Is éard atá i dtobac coganta tobac i bhfoirm rollaí, maidí, stiallacha, ciúbanna agus blocanna, atá ullmhaithe go speisialta le cogaint, ní a chaitheamh, agus a chuirtear ar fáil lena mhiondíol. Ní bhíonn an tobac meilte de ghnáth.

Is éard atá i snaois (tobac sróine) tobac i bhfoirm púdair thirim nó gránach, a ndearnadh cóireáil speisialta air ionas gur féidir é a ghlacadh mar shnaois (tobac sróine) ach nach ndéantar é a chaitheamh ná a thógáil de bhéal.

Ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha thuas, déantar táirgí ar cuid den ábhar atá iontu ábhar nach tobac atá ann a aicmiú faoin bhfo-cheannteideal seo."

(1) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

(2) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.